2018. M 88

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018***

# *Gaeilge*
# *Bonnleibhéal*

**Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga**
360 MARC

**Dé Luain**
**11 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| CLUASTUISCINT | |
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| Iomlán | |

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| – | – |
| IOMLÁN (1-5) | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

# CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén post atá ag Síle faoi láthair?












**Ceist 1 (b)** Conas a théann Síle go lár na cathrach gach maidin?


| | |
|---|---|
| Ar an Dart | |
| Sa charr | |
| Ar an mbus | |

**Ceist 2 (a)** Cad a osclaíodh i Ros Muc an mhí seo caite?










**Ceist 2 (b)** Cén t-am a dhúntar an áit nua seo gach tráthnóna?


| | |
|---|---|
| A dó dhéag a chlog | |
| Leathuair tar éis a dó | |
| A sé a chlog | |

**Ceist 3** Cá bhfuil an bhean ag dul?






**Ceist 4** Cá bhfuil an t-ionad sláinte? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)




**Tá an fear anseo**

**Ceist 5 (a)** Conas a bheidh an aimsir maidin amárach?



**Ceist 5 (b)** Cá rachaidh na scoláirí ar a dó a chlog?

| | |
|---|---|
| Chuig an ionad siopadóireachta | |
| Chuig an músaem staire | |
| Chuig an trá | |

**Ceist 6 (a)** Cad a bheidh ar siúl sa chlub óige Dé hAoine seo chugainn?

| | |
|---|---|
| Seó tallainne | |
| Cóisir mhór | |
| Ceolchoirm | |

**Ceist 6 (b)** Conas a chaithfidh Áine an Satharn ar fad?

| | |
|---|---|
| Ag siopadóireacht | |
| Ag staidéar | |
| Ag traenáil | |

**Ceist 7 (a)** Cad a cheap Clár den scrúdú Staire?

| | |
|---|---|
| Bhí sé éasca go leor | |
| Bhí sé rófhada | |
| Bhí sé an-deacair | |

**Ceist 7 (b)** Cá mbeidh Pól ag dul i mí Lúnasa?

| | |
|---|---|
| Go dtí an Spáinn | |
| Go hÉirinn | |
| Go dtí an Phortaingéil | |

**Ceist 8 (a)** Cén fáth nach raibh Eoin ar scoil inné?

| | |
|---|---|
| Bhí sé ag imirt iománaíochta | |
| Bhí sé ar pháirc na himeartha | |
| Bhí sé san ospidéal | |

**Ceist 8 (b)** Cá bhfanfaidh Eoin nuair a bheidh an lá mór spóirt ar siúl?

| | |
|---|---|
| Sa seomra staidéir | |
| Sa bhaile | |
| Sna ranganna | |

**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)


| | |
|---|---|
| 1. | **Seomra Tíreolaíochta**<br>Léarscáileanna agus cruinneoga ar fáil ann |
| 2. | **Ospidéal na hOllscoile**<br>Rannóg Timpistí agus Éigeandála<br>Cláraigh ag an deasc |
| 3. | **Margadh an tSathairn**<br>10.00 - Meán lae<br>Torthaí agus glasraí úra ar díol |
| 4. | Na traenacha ar ceal inniu<br>Crainn leagtha ar an iarnród |
| 5. | Dioscó anocht<br>Óstán na Carraige<br>Taispeáin do chárta aoise |
| 6. | Lig do scíth<br>Clár nua ceoil ar Raidió Rí-Rá<br>Gach Déardaoin ar 9 p.m. |
| 7. | Dola-Phlás romhat<br>Stop ag an bhfuinneog<br>Íoc an dola |
| 8. | Corn an Domhain sa sacar<br>Gach cluiche<br>ar RTÉ 2 |
| 9. | **Áras an Uachtaráin**<br>Turais: 10.15 agus 11.30<br>Cuir ticéad in áirithe |
| 10. | Ionad Siopadóireachta<br>an Bhaile Mhóir<br>Ceamaraí slándála in úsáid |

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |





























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

93 Bóthar na hAbhann,
An Ráth Mhór,
Co. Chiarraí.

15 Aibreán 2018

An Bainisteoir,
Teach Mhucrois,
Cill Airne,
Co. Chiarraí.

A Bhainisteoir, a chara,

Léigh mé ar an idirlíon ar an 9 Aibreán go raibh fáilteoir, treoraí agus rúnaí á lorg agaibh don samhradh. Ba mhaith liom iarratas a chur isteach ar an bpost mar threoraí.

Rugadh ar an 14 Iúil 1995 mé. Rinne mé Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2013. Fuair mé Grád A2 sa Fhraincis, Grád B1 sa Ghaeilge agus sa Spáinnis, agus Grád C1 sa Bhéarla. Nuair a d'fhág mé an scoil, chaith mé trí bliana san Institiúid Teicneolaíochta i gCorcaigh. Bhain mé céim amach sa turasóireacht agus sa Spáinnis. Ina dhiaidh sin, chaith mé bliain ag obair in ionad turasóireachta i Maidrid na Spáinne.

Tá eolas an-mhaith agam ar stair Theach Mhucrois mar rugadh agus tógadh i gCiarraí mé. Is duine cairdiúil, cainteach mé agus is breá liom bualadh le daoine. Tá a fhios agam go dtagann a lán cuairteoirí ón Eoraip chuig Teach Mhucrois. Tá teangacha Eorpacha ar mo thoil agam. Istigh leis an litir seo, tá mo theistiméireacht ón ionad turasóireachta i Maidrid. Beidh mé sásta freastal ar agallamh am ar bith.

Is mise,
Cáit Ní Dhúill

**Ceisteanna**

**1.** Cathain a scríobh Cáit an litir seo?

| | |
|---|---|
| 9 Aibreán | |
| 15 Aibreán | |
| 14 Iúil | |

**2.** Cén post a theastaíonn ó Cháit?

| | |
|---|---|
| Rúnaí | |
| Fáilteoir | |
| Treoraí | |

**3.** Cén grád a fuair Cáit sa Spáinnis san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Grád A2 | |
| Grád B1 | |
| Grád C1 | |

**4.** Cár rugadh agus cár tógadh Cáit?

| | |
|---|---|
| Ciarraí | |
| Corcaigh | |
| Maidrid | |

**5.** Cad a fuair Cáit ón ionad turasóireachta i Maidrid?

| | |
|---|---|
| Céim | |
| Teistiméireacht | |
| Agallamh | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

# Dúlainn



An bhfuil saoire shuaimhneach cois farraige ag teastáil uait? Má tá, ná téigh go Meiriceá ná go dtí Mór-Roinn na hEorpa. Fan anseo in Éirinn agus tar go Dúlainn, Co. an Chláir.

Tá Dúlainn suite ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Bíonn imeachtaí de gach saghas ar siúl sa sráidbhaile beoga seo. Bíonn daoine ag surfáil i nDúlainn ó cheann ceann na bliana. Tagann na sluaite i mí Feabhra nuair a bhíonn féile na scríbhneoirí ar siúl ann. Bíonn féile mhór cheoil sa sráidbhaile i mí an Mheithimh agus cloistear na céadta ceoltóir ag seinm ceoil in ionaid éagsúla sa sráidbhaile.

Feicfidh tú áilleacht na háite ar na siúlóidí breátha cois farraige. Don staraí, tá seanchaisleáin timpeall an cheantair. Más mian leat galf a imirt, tá machairí gailf timpeall orainn.

Is féidir dul ar bhád go hOileáin Árann. Is féidir dul sa charr agus cuairt a thabhairt ar Aillte an Mhothair. Chomh maith leis sin, téann busanna go cathair na Gaillimhe.

Tá lóistín compordach le fáil sna hóstáin sa cheantar. Bíonn bia mara den chéad scoth le fáil sna bialanna. Cuirtear fáilte roimh chuairteoirí sna siopaí i nDúlainn.

***Caith cúpla lá linn anseo. Beidh fíorchaoin fáilte romhat i gcónaí i nDúlainn.***

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Dúlainn?

| | |
|---|---|
| I Meiriceá | |
| In Éirinn | |
| Ar Mhór-Roinn na hEorpa | |

**2.** Cathain a bhíonn féile na scríbhneoirí ar siúl i nDúlainn?

| | |
|---|---|
| I mí Feabhra | |
| I mí an Mheithimh | |
| Ó cheann ceann na bliana | |

**3.** Cad atá ann don staraí?

| | |
|---|---|
| Siúlóidí | |
| Machairí gailf | |
| Seanchaisleáin | |

**4.** Conas is féidir dul go hOileáin Árann?

| | |
|---|---|
| Ar bhád | |
| Ar bhus | |
| Sa charr | |

**5.** Cá bhfuil lóistín compordach le fáil sa cheantar?

| | |
|---|---|
| Sna siopaí | |
| Sna bialanna | |
| Sna hóstáin | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi.

(25 marc)

**Drochscéala gan choinne**

Tá Úna Ní Bhroin ina cónaí i nDroichead Átha. Tá cónaí ar a hAintín Máire i bPáras na Fraince. Thug a haintín cuireadh d'Úna dul ar cuairt chuici le linn shaoire na Cásca. Chuir sí ticéad eitleáin chuig Úna. Bhí áthas ar Úna mar theastaigh uaithi cuairt a thabhairt ar Disneyland i bPáras.

An lá sular imigh Úna, chuir sí a cuid éadaí ina cás. Chuir sí a sparán airgid, an ticéad eitleáin agus a pas isteach ina mála láimhe. An oíche sin, i ngan fhios d'Úna, d'oscail a deirfiúr óg an mála láimhe. Bhí sí ag féachaint ar an bpas nuair a ghlaoigh a máthair uirthi. Baineadh geit aisti. Thit an pas ar an urlár agus rith an deirfiúr óg amach as an seomra leapa.

An mhaidin dár gcionn, rug Úna ar a cás agus ar a mála láimhe. Bhrostaigh sí amach as an teach ar a seacht a chlog. Chuaigh sí ar an mbus go dtí an t-aerfort. Shroich Úna an t-aerfort ar leathuair tar éis a hocht. Bhí an t-eitleán le himeacht ar a haon déag a chlog. Chuaigh Úna sa scuaine chun seiceáil isteach. D'oscail sí a mála láimhe. Thóg sí amach an ticéad. Chuardaigh sí a mála ach ní raibh a pas ann. Bhí sí trí chéile. Ní bheadh cead aici dul ar an eitleán gan an pas. Chuir sí glaoch ar a deartháir Liam a bhí sa bhaile. Mhínigh sí an scéal dó.



Chuardaigh Liam an chistin agus an seomra suí. Ar deireadh, fuair sé an pas faoin leaba i seomra leapa Úna. Chuir sé an pas ina phóca agus ghlaoigh sé ar Úna. As go brách leis go dtí an t-aerfort ar a ghluaisrothar. Bhuail sé le hÚna ag doras an aerfoirt. Thug sé an pas di. Bhí Úna díreach in am don eitleán. Bhrostaigh sí ar bord láithreach. Shocraigh sí bronntanas a cheannach do Liam i bPáras.

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Úna ina cónaí?

| | |
|---|---|
| Páras | |
| Droichead Átha | |
| Disneyland | |

**2.** Cén áit ar chuir Úna a pas an lá sular imigh sí?

| | |
|---|---|
| Ina cás | |
| Ar an urlár | |
| Ina mála láimhe | |

**3.** Cén t-am a shroich Úna an t-aerfort?

| | |
|---|---|
| 7 a.m. | |
| 8.30 a.m. | |
| 11 a.m. | |

**4.** Cén fáth a raibh Úna trí chéile san aerfort?

| | |
|---|---|
| Ní raibh a pas aici | |
| Ní raibh airgead aici | |
| Ní raibh a cás aici | |

**5.** Cá bhfuair Liam an pas ar deireadh?

| | |
|---|---|
| Sa chistin | |
| Sa seomra suí | |
| I seomra leapa Úna | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## Ruth Negga



Tá clú agus cáil bainte amach ag an aisteoir Ruth Negga. Rugadh Ruth Negga san Aetóip sa bhliain 1982. Dochtúir ba ea a hathair agus bhí a máthair ag obair mar altra san ospidéal céanna. Nuair a bhí Ruth ag fás aníos san Aetóip, bhí cogadh ar siúl sa tír. D'fhág Ruth agus a máthair an Aetóip agus bhog siad go hÉirinn nuair a bhí Ruth ceithre bliana d'aois.

Chuaigh sí ar scoil i Luimneach. Nuair a bhí sí aon bhliain déag d'aois, bhog sí lena máthair go Londain. Níor ghlac sí páirt riamh i ndrámaí scoile ach theastaigh uaithi a bheith ina haisteoir i ndiaidh na scoile. Rinne sí cúrsa aisteoireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Rinne Ruth a céad scannán *Capital Letters* sa bhliain 2004. Is iomaí ról scannáin a bhí ag Ruth ó shin. Bhuaigh sí gradam IFTA as a ról mar amhránaí sa scannán *Shirley* sa bhliain 2011. Sa scannán *Iona*, ghlac sí páirt Iona, cailín uaigneach a d'fhill ar a hoileán dúchais ag iarraidh saol níos fearr a dhéanamh di féin. Sa bhliain 2016, fuair sí páirt Mildred, cailín gorm a thit i ngrá le fear geal, sa scannán *Loving*. Ainmníodh Ruth don ghradam Oscar sa bhliain 2017 as a ról mar Mildred ach cé go bhfuair sí ardmholadh ar fud an domhain, níor bhuaigh sí an gradam Oscar.

Is bean an-ghnóthach í Ruth. Oibríonn sí ar scannáin agus i sraitheanna teilifíse. Tá sí ina cónaí i Londain anois ach bíonn sí ag taisteal go Meiriceá go minic. Tá ról aici mar Tulip O'Hare sa chlár teilifíse *Preacher* a dhéantar in New Orleans. Toisc go mbíonn sí ag taisteal go minic, ní bhíonn sí ábalta bualadh lena cairde. Nuair a bhíonn am saor aici, is aoibhinn léi a bheith ag léamh.

**Ceisteanna**

**1.** Cén tslí bheatha a bhí ag athair Ruth?

| | |
|---|---|
| Dochtúir | |
| Altra | |
| Aisteoir | |

**2.** Cár bhog Ruth nuair a bhí sí aon bhliain déag d'aois?

| | |
|---|---|
| Go dtí an Aetóip | |
| Go Luimneach | |
| Go Londain | |

**3.** Cén cúrsa a rinne Ruth i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath?

________________________________________________________

**4.** Cén pháirt a bhí ag Ruth sa scannán *Loving*?

| | |
|---|---|
| Cailín uaigneach | |
| Cailín gorm | |
| Amhránaí | |

**5.** Cad a dhéanann Ruth nuair a bhíonn am saor aici?

| | |
|---|---|
| Ag bualadh lena cairde | |
| Ag léamh | |
| Ag taisteal | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## Taibhdhearc na Gaillimhe

AN TAIBHDHEARC
Amharclann Náisiúnta na Gaeilge
1928-2018

Bhí ardmheas i gcónaí ar an drámaíocht in Éirinn. Bíonn drámaí ar siúl ina lán áiteanna ar fud na tíre, mar shampla Siamsa Tíre i dTrá Lí, Amharclann na Mainistreach i mBaile Átha Cliath agus sa Taibhdhearc i nGaillimh. Is í an Taibhdhearc Amharclann Náisiúnta na Gaeilge. Bunaíodh an Taibhdhearc nócha bliain ó shin chun drámaíocht na Gaeilge a chur chun cinn.

Ba é an drámadóir cáiliúil Micheál Mac Liammóir a scríobh an chéad dráma a cuireadh ar stáitse sa Taibhdhearc. *Diarmuid agus Gráinne* an t-ainm atá ar an dráma sin. Is iomaí aisteoir cáiliúil eile a ghlac páirt i ndrámaí sa Taibhdhearc. Bhí Siobhán McKenna agus Mick Lally ina measc.

Bíonn go leor imeachtaí ar siúl sa Taibhdhearc do gach aoisghrúpa. Chomh maith le drámaí, bíonn ceoldrámaí, ceol agus rince ar siúl go minic san amharclann. Cuirtear ranganna drámaíochta ar fáil do dhaoine óga. Bíonn geamaireacht don aos óg ar siúl ag an Nollaig gach bliain.

Tá ról tábhachtach ag an Taibhdhearc i saol na Gaillimhe. Bíonn imeachtaí ar siúl ansin nuair a bhíonn Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe ann i mí Iúil. Thug a lán daoine cuairt ar an amharclann stairiúil seo ar an Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair seo caite. Is féidir gach eolas faoin Taibhdhearc a fháil ar shuíomh idirlín na hamharclainne. Chomh maith leis sin, is féidir ticéid a cheannach ar líne do na seónna sa Taibhdhearc.

**Ceisteanna**

**1.** Cén amharclann atá i nGaillimh?

| | |
|---|---|
| Siamsa Tíre | |
| Amharclann na Mainistreach | |
| An Taibhdhearc | |

**2.** Cén fáth ar bunaíodh an Taibhdhearc?

_______________________________________________

**3.** Cé a scríobh an dráma *Diarmuid agus Gráinne*?

| | |
|---|---|
| Mick Lally | |
| Micheál Mac Liammóir | |
| Siobhán McKenna | |

**4.** Cad a bhíonn ar siúl don aos óg ag an Nollaig?

| | |
|---|---|
| Geamaireacht | |
| Ceoldrámaí | |
| Rince | |

**5.** Cén mhí ina raibh an Oíche Chultúir ar siúl anuraidh?

| | |
|---|---|
| Mí na Nollag | |
| Mí Mheán Fómhair | |
| Mí Iúil | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

**Solas sa Spéir**

Agus mé ag dul abhaile ón gclub aréir
Múchadh soilse na sráide gan choinne.
Gan gealach sa spéir ach na réaltaí i gcéin
Chun an bóthar a dhéanamh soiléir.

Ó íochtar na spéire tháinig solas faoi luas
Ag gluaiseacht i mo threo gan stad
Níor roicéad é ná eitleán ard
Mar fuaim níor tháinig uaidh.

D'eitil an solas i bhfad os mo chionn
Go maorga tapa ciúin -
'Cad atá ann?' arsa mise liom féin
Go tobann a rith sé liom.

'An Stáisiún Spáis,' a dúirt mé os ard
'Ag dul timpeall an domhain gan stad.
Tá na spásairí thuas ag féachaint anuas
Is ag faire ar na flaithis i bhfad uathu.'

**Ceisteanna**

**1.** Cá raibh an file ag dul i véarsa 1?

| | |
|---|---|
| Go dtí an club | |
| Abhaile | |
| I gcéin | |

**2.** Cad a múchadh gan choinne?

| | |
|---|---|
| An ghealach | |
| Na réaltaí | |
| Soilse na sráide | |

**3.** Cad a tháinig ó íochtar na spéire?

| | |
|---|---|
| Solas faoi luas | |
| Eitleán | |
| Roicéad | |

**4.** Cad a dúirt an file leis féin i véarsa 3?

______________________________________________________________

**5.** Cé atá ag féachaint anuas?

| | |
|---|---|
| Na flaithis | |
| An file | |
| Na spásairí | |

# Lean ar aghaidh go Cuid II : Roinn II

## CUID II: ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)


FREAGAIR **GACH** CEIST (**4** *AGUS* **5**)

Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 14 agus 15.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 16 agus 17.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




| | | | |
|---|---|---|---|
| Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit? | Cén lá? Cén dáta? Cén t-am? Cén táille? | Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? | Cad a dhéanfar leis an airgead? |

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

## FÓGRA

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair an samhradh seo mar chúntóir sa siopa ríomhaireachta áitiúil. Líon isteach **an Fhoirm Iarratais** atá anseo thíos. [**Nóta**: Is tusa *Síofra Ní Cheallaigh*.]

***An Siopa Ríomhaireachta, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge***

**Foirm Iarratais do Phost Samhraidh**

Ainm: *Síofra Ní Cheallaigh* Uimhir theileafóin: ……………………………………

Seoladh: ……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

Aois: …………………………………… Dáta Breithe: ……………………………………

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ……………………………………………

Ainmnigh **cúig** ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin: ……………………………………

……………………………………………………………………………………………

An réitíonn tú go maith le daoine? ………………………………………………………

An mbeidh tú sásta a bheith ag obair ar an Satharn? ……………………………………

An bhfuil tú ábalta ríomhphost a sheoladh? ………………………………………………

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat: ………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

Cuir **tic** (✓) leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh:

11 Bealtaine ☐ 14 Bealtaine ☐ 16 Bealtaine ☐

Scríobh **alt gearr** (timpeall 40 focal) ag insint cén fáth ar mhaith leat post samhraidh mar chúntóir sa siopa ríomhaireachta seo.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

Síniú: *Síofra Ní Cheallaigh* Dáta: ____________________


**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú **ar thuras rothaíochta faoin tuath** le do chairde an mhí seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin turas rothaíochta sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**Turas Rothaíochta Faoin Tuath**




___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___

___


___

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Chuaigh tú chuig **ceolchoirm** le do chara.
Tá tú chun scríobh **faoin gceolchoirm** sin in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh **faoin gceolchoirm** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| Póstaer<br>Cheannaigh | Ar an mbus<br>Ticéid | Ar an stáitse<br>Ag canadh | Bialann<br>Ag comhrá |
|---|---|---|---|

## CEOLCHOIRM

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán